CINNEADH uimh. 7/2020 ÓN GCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN GCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN GCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

an 22 Nollaig 2020

lena mbunaítear liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí de phainéal eadrána faoin gComhaontú [2020/2251]

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([1]) (an'Comhaontú Um Tharraingt Siar'), agus go háirithe Airteagal 171(1)(d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 171(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ar dháta nach déanaí ná deireadh na hidirthréimhse, a leagtar amach faoin gComhaontú sin, bunóidh an Comhchoiste liosta de 25 dhuine a bheidh toilteanach agus in ann a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána,

(2) De bhun Airteagal 171(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ní bheidh ar an liosta sin ach daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras, a bhfuil na cáilíochtaí is gá acu chun iad a cheapadh sna hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha féin nó ar dlí-eolaithe iad a n-aithnítear a n-inniúlacht, agus a bhfuil eolas nó taithí speisialaithe ar dhlí an Aontais agus ar dhlí idirnáisiúnta poiblí acu. Na daoine sin, ní bheidh siad ina gcomhaltaí, ina n-oifigigh ná ina seirbhísigh eile d'institiúidí an Aontais, de rialtas Ballstáit nó de rialtas na Ríochta Aontaithe,

(3) I bhfianaise an togra chomhpháirtigh ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe go mbeidh cúigear ann le haghaidh fheidhm chathaoirleach an phainéil eadrána, agus i bhfianaise na dtograí faoi seach ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe go mbeidh deichniúr ann ón dá Pháirtí le haghaidh fheidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach in Iarscríbhinn I an liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina n-eadránaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Nollaig 2020.

Thar ceann an Chomhchoiste
Na Comhchathaoirligh
Maroš ŠEFČOVIČ
Michael GOVE

([1]) IO L 29, 31.1.2020, lch.7.

IARSCRÍBHINN I

A ghabhann le Cinneadh Uimh 7/2020 ón gComhchoiste

Cathaoirligh le haghaidh Phainéal Eadrána an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar

Ms Corinna WISSELS

Ms Angelika Helene Anna NUSSBERGER

Mr Jan KLUCKA

Sir Daniel BETHLEHEM

Ms Gabrielle KAUFMANN-KOHLER

Gnáthchomhaltaí Phainéal Eadrána an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar

An tAontas Eorpach:

Mr Hubert LEGAL

Ms Helena JÄDERBLOM

Ms Ursula KRIEBAUM

Mr Jan WOUTERS

Mr Christoph Walter HERRMANN

Mr Javier DIEZ-HOCHLEITNER

Ms Alice GUIMARAES-PUROKOSKI

Mr Barry DOHERTY

Ms Tamara ĆAPETA

Mr Nico SCHRIJVER

An Ríocht Aontaithe:

Sir Gerald BARLING

Sir Christopher BELLAMY

Mr Zachary DOUGLAS

Sir Patrick ELIAS

Dame Elizabeth GLOSTER

Sir Peter GROSS

Mr Toby LANDAU QC

Mr Dan SAROOSHI QC

Ms Jemima STRATFORD QC

Sir Michael WOOD